

Is féidir iarracht níos mó a dhéanamh den Eoraip seo againne

Tá géarchéimeanna de dhlúth agus d'inneach i scéal na hEorpa. Gach uair i stair an lae inniu a bhí cor cinniúnach le sárú ag an Eoraip, is é an fhreagairt a bhí againn ná druidim níos gaire dá chéile. Chuir an teagasc sin ar ár gcumas dúinn teacht slán as an dúluachair agus bhí ár gcuid institiúidí in ann freagairt ar ábhair inní na ndaoine a bhuí leis. Chun fiordhifríochtaí a dhéanamh i saol na ndaoine. Teagasc a thugann tús áite i gcónaí don chomhar, seachas don iomaíocht, is ea teagasc na hEorpa. Teagasc is ea é a chruthaigh rathúnas, córais dhaonlathacha láidre agus cosaint dhosháraithe do shaoirsí pearsanta. Le blianta beaga anuas, bhí orainn dul i ngleic le hollchlistí baincéireachta, géarchéimeanna fiachais cheannasaigh agus brúnna imirce, mar aon leis an bpaindéim dhomhanda a tháinig sna sála orthu agus nach bhfacamar a leithéid riamh roimhe seo. Is amhlaidh go ndeachamar, san Eoraip, i gcumann níos dlúithe a chéile agus go bhfuil treise linn mar gheall ar na himeachtaí sin go léir.

Tá an bonn sin agus an aontacht sin faoi bhrú arís anois agus cúrsaí ag dul in ár n-éadan mar thoradh ar mheascán de chogadh atá ar leac an dorais againn, boilsciú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, arduithe ar phraghsanna leictreachais agus fuinnimh, tubaiste aeráide a fhágann go bhfuil ár n-aibhneacha ag dul i ndísc agus go bhfuil ár bhforaoisí ag dul trí thine, neamhshlándaíl bia agus géarchéim costais mhaireachtála atá ag teacht chun cinn go tapa.

Arís eile, tá a dúshlán á tabhairt don Eoraip. Arís eile, ní mór don Eoraip freagairt. Arís eile, beidh orainn oibriú le chéile. Arís eile, ní mór don Eoraip dul in oiriúint. Agus arís eile tá Parlaimint na hEorpa réidh lena páirt a ghlacadh.

Tá sé ag éirí níos deacra ár dtithe a théamh, breosla a sholáthar dár dtionscail agus ár gcarranna a thiomáint. Tá na praghsanna ard i gcónaí mar gheall ar an mboilsciú. Tá a fhios sin againn. Ach nuair atáimid go mór faoi bhrú – is ansin a bheidh orainn seasamh suas agus an fód a sheasamh go daingean, níos daingne ná riamh. Is ansin a chaithfidh an Eoraip theoiriciúil a bheith ina ceannaire praiticiúil. Go tapa agus le teann gnímh agus misnigh. Agus ní mór don Eoraip aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Is cuma cé acu a bhaineann sé le dul i ngleic le costais mhaireachtála, praghsanna leictreachais, an t-athrú aeráide, cosaint, slándáil bia nó tacaíocht don Úcráin. Ní féidir aon dul chun cinn a dhéanamh mura mbeimid aontaithe.

Ní mór iarracht níos mó a dhéanamh den Eoraip. Ba é sin an iarraidh shoiléir, a cuireadh in iúl i mí na Bealtaine 2022 ag Parlaimint na hEorpa, sna conclúidí ó Chomhdháil na Saoránach ar Thodhchaí na hEorpa, a mhair bliain. An tseachtain seo, cuirfidh Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh tograí ar aghaidh ina haitheasc bliantúil ar Staid an Aontais Eorpaigh.

Dar le Parlaimint na hEorpa, ní mór na príomh-shaincheisteanna sin a tharraing na saoránaigh anuas a bheith lárnach sna tograí:

Ní mór dúinn aontas cuimsitheach slándála agus cosanta a bhaint amach. Ní mór ár ngaireas agus ár mbonneagar slándála agus cosanta a ollchóiriú. Léirigh an t-ionradh brúidiúil, neamhdhleathach, gan údar ar an Úcráin a mhéid a d'athraigh an domhan ó mhí Feabhra. Ní mór dúinn úsáid níos fearr a bhaint as ár gcaiteachas cosanta agus dúbailt a sheachaint in acmhainneacht chosanta uile-Eorpach, mar chomhlánú ar ECAT agus seachas san iomaíocht leis.

Ar an dara dul síos, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar athléimneacht agus neamhspleáchas fuinnimh na hEorpa. Ní mór dúinn an spleáchas ar sholáthraithe nach féidir brath orthu a laghdú. Ceangailte leis sin, tá bearta nach mór a dhéanamh láithreach chun tionchar an mhéadaithe ar chostas an leictreachais a laghdú. Ní mór aghaidh a thabhairt go práinneach ar arduithe ar phraghsanna, rud atá ag imirt tionchar ar theaghlaigh ar fud na hEorpa, d'fhonn cobhsaíocht pholaitiúil a áirithiú freisin. Ag an am céanna, ní mór dúinn leanúint dár spriocanna uaillmhianacha aeráide a bhaint amach agus dlús a chur lenár n-aistriú fuinnimh agus glas.

Ar an tríú dul síos, léirigh an phaindéim go bhfuil easnaimh i gcórais cúraim sláinte sna Ballstáit. Tá Parlaimint na hEorpa ag iarraidh go mbeadh 'ceart chun sláinte' san Aontas

Eorpach. Maidir le srian a chur le víris a bheith á leathadh nó rochtain ar chóireálacha speisialaithe a éascú, is minic gurb é fuascailt na faidhbe ná *níos mó* comhair trasteorann a bheith ann.

Beidh costais ag gabháil le dlús a bheith á chur leis na hiarrachtaí. Chun cur lenár bhfreagairt ar na deacrachtaí as cuimse, ní mór dúinn buiséad an Aontais a nuachóiriú. Ba cheart ár mbuiséad a dhéanamh níos athléimní ó thaobh géarchéimeanna de agus níos solúbtha chun beart a dhéanamh de réir tosaíochtaí a athraíonn go tapa nó gan choinne.

Beidh na míonna amach romhainn deacair, ach tá sé cruthaithe againn cheana féin go bhfuil muintir na hEorpa breá ábalta dul i ngleic le deacrachtaí de mheon na diongbháilteachta daingne. D'eascair bunús an chomhair agus an lánpháirtithe Eorpaigh as an mian seasamh gualainn ar ghualainn le chéile d'fhonn an t-anró i ndiaidh an chogaidh dhomhanda a shárú. Is féidir leis an Eoraip a bheith muiníneach as a cumas dul i ngleic le fadhbanna forleathana. Tá a neart léirithe aici.

Is é seo uair na hEorpa. Is féidir linn a bheith níos mó — le chéile.

Roberta Metsola

Uachtarán Pharlaimint na hEorpa